

## Gearrcaigh nó Gliogair: Dírbheathaisnésí an Bhlascaoid faoi chló an Bhéarla

Tadhg Ó Dúshláine

Sa réamhrá leis an leagan Béarla de *An tOiléanach* is mar seo a mhíníonn Robin Flower an cur chuige:

For the method adopted in this translation a word of excuse may be offered. Irish and English are so widely separated in their mode of expression that nothing like a literal rendering from the one language to the other is possible. It is true that there has come into being a literary dialect, sometimes used for translation from Irish or for the purpose of giving the effect of Irish speech, which in books or on the stage has met with considerable applause. And in skilful hands this mixture of Irish and English idioms has often an effect of great charm. It does not to my ear, however, convey the character of the language as naturally spoken by those to whom it is their only speech. There is always something slightly artificial about it, and often a suggestion of the pseudo-poetic. This literary dialect could not be used to render the forthright, colloquial simplicity of the original of this book. For the same reason the more sophisticated forms of literary English are also excluded. It seemed best therefore to adopt a plain, straightforward style, aiming at the language of ordinary men who narrate the common experiences of their life frankly and without any cultivated mannerism. The constant charm of Irish idiom, which is so delightful in the original, must necessarily be lost. But rouge is no substitute for a natural complexion. (in Ó Criomhthain 1934: xiii–xiv)

Dá inmholtáidhm san Flower scéal an Chriomhthanaigh a chur síos ina cheart, ina bheacht agus ina fhírinne, oiread agus ab fhéidir, trí mheán an Bhéarla, ní mó ná sásta a bhíothas gur aimsigh sé an sprioc. Bíodh a fhianaise sin ar an scigaithris a dhein Myles na gCopaleen ar aistriúchán Flower ar an slíocht seo a leanas:

Do bhíos lá ann agus do bhí Paid Shéamais, fear mo dhriféar Cáit, i n-éineacht liom agus sinn i dtreo a chéile i rith an lae. Fear dob eadh é ná beadh gloine de'n uisce beathadh i bhffad idir lámha aige, ná piúnt leanna duibhe, gan iad a scaoileadh siar ach ní fhuair sé aon bhlas milis riamh ar an gceann a cheannóchadh sé féin, agus ba mhór an seódh leis go bpriocfadh fear eile insa chál é chun ceann leis féin d'ól.  
 (Ó Criomhthain 1929: 80)

Mar seo a bhí in aistriúchán Flower:

I was in Dingle one day with Pats Heamish, my sister's husband, and we kept together all day long. He was the sort of man that couldn't keep a glass of whisky or a pint of porter long between his hands without pouring them down him, and he never enjoyed the taste of

anything he paid for with his own money, but liked it well when another man jogged him in the back to have one with him.  
 (Ó Criomhthain 1934: 90)

Agus seo mar atá i scigaithris Myles:

I was a day in Dingle and Paddy James, my sister's man, in company with me and us in the direction of each other in the running of the day. A man he was that would not have a glass of whiskey long between the hands, or a pint of black porter either, without shooting them backwards; but he got no sweet taste ever on the one he would buy himself, and great would be the pleasure with him that another man should nudge him in the back to ask him to have one with him.

(O’Nolan 1968: 275–6)

Gan áibhéal na scigaithrise a bhac, is é atá á áitiú ag Myles na gCopaleen anseo ná go bhfuil iarracht Flower meon agus aigne na mBlascaodach a thabhairt leis chomh fada céanna ón sprioc is atá canúint rómánsach Synge agus é ag iarraidh aigne na hÉireann a léiriú ina chuid drámaí siúd.

Le firinne, is dodhéanta acmhainn liteartha fhriotal an Chriomhthhanaigh a astriú, luchtaithe is mar atá sé le saibhreas an traidisiún bhéil, le téamaí agus le foirmíl a mhacallaíonn siar trí thraigisíún na teanga go seanscéalta an laochais. Cad tá san abairt is cáiliúla i litríocht na NuaGhaeilge ar fad, b'fhéidir – Do scríobhas go mion-chruinn ar a lán dár gcúrsaí d'fhoinn go mbeadh cuimhne i mball éigin ortha agus thugas iarracht ar mheon na ndaoine bhí thimcheall a chur síos chun go mbeadh ár dtuairisc ‘ár ndiaidh, mar ná beidh ár leithéidí arís ann’ (Ó Criomhthain 1929: 265) – cad tá ansan ach athnascadh ar ghuí Chú Chulainn: ‘Acht ropa airdic-se, maith lem, ceni beinn acht óen-láe for domun.’ (Strachen 1908: 14–5). Ach faraor, ní thagann an leagan Béarla in aon ghaobhar do thraigisíún leanúnach sin an laochais a mhacallaíonn tríd an nGaeilge:

I have written minutely of much that we did, for it was my wish that somewhere there should be a memorial of it all, and I have done my best to set down the character of the people about me so that some record of us might live after us, for the like of us will never be again.  
 (Ó Criomhthain 1934: 322–3)

Baineann na focail Bhéarla ‘minutely’, ‘memorial’ agus ‘record’ le réim teanga agus saoil atá difriúil ar fad ó ‘mion-chruinn’, ‘cuimhne’ agus ‘tuairisc’ na Gaeilge. Baineann an Béarla sin le saol eagraithe an stáit, baineann an Ghaeilge le saol an tseachadta shinseartha, le saol an bhéaloidis. Is móir idir an frása cáiliúil ‘mar ná beidh ár leithéidí arís ann’ chomh maith, agus an t-aistritíchán Béarla ‘for the like of us will never be again’. Mar le rud de, ina leabhar *Ár Leithéidí Arís* (1978) thaispeáin gaol leis an gCriomhthaineach, Pádraig Ua Maoileoin, go raibh a leithéidí arís beo beathaiteach in iarthar Duibhneach, bíodh is nach istigh ar an Oileán (‘ann’) a bhíodar. Ardaíonn an leagan Béarla ceist na *beithe* féin.

Tá tuairisc Thomáis breac chomh maith le ruthaig fhoirmiúla na Fiannaíochta a dhéanann múnlú agus maisiú na scéalaíochta béal ar na héachtraí laethúla atá faoi chaibidil. Is é an meán an teachtaireacht sa leagan Gaeilge, ach tá cuma thuathalach ar na leaganacha Béarla gan cúrla san an bhéaloidis laistiar díobh:

Do bhíodh a seolta bogóideacha báin-chneasacha anáirde aca ...  
 (Ó Criomhthain 1929: 190)

They would have their ‘speckled snowy sails’ set ...  
 (Ó Criomhthain 1934: 229).

Seadh, do shíneamair amach na cheithre mhaide “righne bhíne bhuana bhána bhais-leathna,” gotha do bhíodh ar churrachán na Féinne go minic sa tsean-aimsir, agus níor stadamair de’n ruathar reatha san nó gur shroicheamair béal an phuill go raibh beartuithe agaínn air. (Ó Criomhthain 1929: 112)

Well, we put out the four oars, “tough, sweet-sounding, enduring, white, broad-bladed,” as was the way with the boats of the Fenians of old so often, and stayed not from our headlong course till we reached the mouth of the cave we had fixed on. (Ó Criomhthain 1934: 131)

Tá beocht na hinsinte béis le haithint chomh maith san athrá, faoi mar a bheadh an reacaire ag déanamh lomchur síos ar an eachtra, chomh dílis aiceanta agus ab fhéidir, beag beann ar dheisimireacht scríbhneoireachta:

Is insa cheann thiar de’n oiléán móir a bhí an poll san. Poll cúnthúrthach do a b’eadh é, tarrac do shíor ‘n-a thimcheall, tamall maith de shnámh ann, agus an snámh le déanamh ar do chliathán, mar nil insa scoilt puill atá ann ach slí an róin go beacht. Nuair a stad an bád age béal an phuill do bhí súghrac móir tarraic ann. Go minic, do líonfadh béal an phuill ... (Ó Criomhthain 1929: 112)

The cave was in the western end of the Great Island. It was a very dangerous place, for there was always a strong swell round it, and it’s a long swim into it, and you have to swim side-long, for the cleft in the rock has only just room for a seal. When the boat stopped in the mouth of the cave there was a strong suck of swell running. Often and again the mouth of the hole would fill up completely... (Ó Criomhthain 1934: 131)

Tá abairtí eile fós a bhfuil drámatúlacht bheo na cainte ag baint leo, díreach faoi mar a bheadh Tomás féin ag eachtraíocht inár láthair, ach a bhfuil cuma scaoilte liobarnach orthu sa Bhéarla:

Níor mhaith leis an Rí na radhairc sin agus bhíodh sé i gcomhnaidhe ‘á dtreasbáint domh-sa. Féach an mianach a bhíonn geinte as óige i nduine gur gnáthach leis gan scartúint leis. B’ín ionbhadh ag an Rí é, níor mhaith leis na radhairc tuathalachá salacha úd d’fheiscint i dtúis a óige, agus a laighead suime a chuireadh an chuid eile go léir ionnta! (Ó Criomhthain 1929: 24)

Sights like that worried the King, and he used to point them out to me. See how the character that is born in a lad sticks to him throughout his

life. That's how it was with the King when he was a child. He didn't care for such disgusting, vulgar sights; but as for the rest of them, it's little enough they troubled their heads about them.

(Ó Criomthain 1934: 22)

Eiseamláir chruthanta d'ábhar agus de stíl an laochais, agus den saibhreas macallaí ar fad a leanann de sin, is ea caibidil a naoi: 'An Rón', mar a ndéantar eachtra eipiciúil de cheann de ghnáthimeachtaí coitianta shaol an Oileáin: marú róin, mionóspairt choise, leigheas traidisiúnta. Rud eile ar fad atá againn, áfach, i dtuairisc Thomáis mar a bhfuil teilgean traidisiúnta na laochscéalafochta dulta go nádúrtha ar an insint Ghaeilge, murab ionann agus an t-aistriúchán Béarla. Is mór idir an dá abairt oscailte:

Is cuimhin liom maidean a thugas aghaidh chun na trágha.

(Ó Criomhthain 1929: 86)

One morning, I remember, I set my face to the shore.

(Ó Criomthain 1934: 98)

Leanann fiosracht na heachtraíochta dul nádúrtha na Gaeilge, faoi mar atá in oscailt an amhráin *Fáinne an Laoe*: 'Maidin moch do ghabhas amach...' Oscailt dhóchasach, ag stíl le fáltais, déarfá. Toisc mífnádúrthacht an Bhéarla, áfach – 'I set my face to the shore' – cothaítear míshuaimhneas bagarthach sa léitheoir. Níl ciall ná réasún le haistriúchán litriúil den tsórt seo nuair is fearr go mór a d'oirfeadh 'I headed for the strand', faoi mar a déarfai i mBéarla na hÉireann. Críochnaíonn an eachtra seo le héacht seoltóireachta Dhiarmada, críoch gan bunchleite amach ná barrchleite isteach, fáiscithe glan amach as na scéalta Fiannaíochta:

Thugadar an rón leo agus nuair a bhí sé aca dúbhaint na fearaibh ná raghadh aon bhád béal-oscailte abhaile anois insa scrib a bhí ann. Dúbhaint Diarmaid dá gcuirfidís i bhfearas fé sna seolta do féin í go raghadh sí soir fé mar tháinig sí anoir! Amach ar an mór-mhuir leo, agus thóg Diarmaid Ceann Sléibhe de'n chéad bhórd léi agus a chalath féin de'n dara bórd agus níor stad gur chuir ailp de'n rón fuinte isteach im' chois féin agus i gcionn seachtaine bhíos comh maith agus bhíos riamh. (Ó Criomhthain 1929: 92)

Arís, cailleart macallaí san na Fiannaíochta go léir in aduaine an Bhéarla: ní hionann céille do: 'ná raghadh ... abhaile' agus 'could get home'; ní hionann pictiúr do 'soir' agus 'anoir' agus 'back' agus 'come'; agus cailleart rithim na scéalaíochta ar fad sa tríú habairt agus cuirtear an radharc ó mhaith le mí-oiriúnacht an Bhéarla 'fetched' do 'thug' agus 'Blasket landing-place' do 'caladh'.

They brought the seal up with them, and, when they had him, the men said that no open boat could get home in such a storm. Diarmaid said if they would set the sails for him, that she'd have to get back as she had come! Out they drove, into the great sea, and Diarmaid fetched Slea Head on the first tack and the Blasket landing-place on the second, and he never stopped till he'd stuck a lump of the seal's flesh tight into my leg, and, a week after, I was as well as ever I was. (Ó Criomthain 1934: 105–6)

Gné bhunúsach eile den bhuninsint ná an áibhéil sa chur síos ar an gcréacht i gcois Thomáis. Áibhéil an bhéaloidis, áibhéil faoi mar a bhíonn i gcartúin an lae inniu, foréigean chomh hiomarcach san nach samhláitear uafás ná fulaingt ná pian ar bith leis:

Sea, do bhí an rón tuitithe liom insa deire agus níor mhór ná go rabhas féin, leis, tuitithe, agus ba dhóibair go mbeadh deire mo shaoghail istigh an uair d'fhéchas go cruinn ar mo chois agus chonnac an cannta a bhí aisti agus an tobar fola do bhí á fágaint.

Ní mór ná go raibh fuil mo chroidhe silte agam, dob éigean dom an bhest bheag do bhí orm a bhaint diom agus í chasadach timcheall na coise agus an córda do bhí tharm aniar' á coimeád. Do bhí an t-uisce ag teacht agus an tráigh ag líonadh agus gan an rón rófhada ó'n uisce agus bhí eagla orm go scuabfadh an fharraige uaim arís í tar éis mo dhuaidh agus fós gan aenne ag teacht im' ghoire ná im ghaor agus eadartha bó an uair sin ann, agus tré gach machtnamh breachshúil agam 'á thabhairt ar an gcois agus srothán fola aici á shéideadh. (Ó Criomhthain 1929: 88)

Tá focail agus ráitis ansan atá daingnithe chomh láidir i dtraidisiún na Gaeilge amháin gur deacair an saibhreas oidhreachta san a thabhairt leo san aistriúchán: 'Sea' ('well'); 'níor mhór ná' ('pretty nearly'); 'ba dhóibhair go mbeadh' ('was like to be'); 'tobar fola' ('fountain of blood'); 'eadartha bó an uair sin ann' ('the middle of the morning'):

Well, I'd finished the seal at last, and the seal had pretty nearly finished me, too, and it was like to be my last day when I looked closely at my leg and saw the lump out of it and the fountain of blood spurting. The last drop had nearly left my heart; I had to strip off my little vest and twist it round my leg, binding it with the cord from my waist. The water was coming up with the rising tide and the seal was not far from the edge, so that I was terrified that the sea would carry her off again from me after all my trouble; there was not a soul coming next or nigh me. It was the middle of the morning by now, and, as I thought the thing over, I cast a glance now and again at my leg, which was spouting a stream of blood. (Ó Criomhthain 1934: 100–1)

Tríod síos ó thíos deireadh na hinsinte chomh maith tá leagan Thomáis taobh le haidiachtaí simplí, bunúsacha a chuireann le haigeantacht agus le práinn na heachtra. Tá faoi mar a bheadh an saol atá laistiar de na focail dulta sna focail:

... píce breagh nua agam ... lem' phíce breagh nua ... Níor ró-fhada gur chuala an tsránn ghráonna age m' chúl, srann dhiamhair ... Cad a chífinn ná an rón mór groidhe breac ... agus do leig srann láidir fhiáin ... mannta groidhe as cholpa mo choise ... agus ní mór ná gur thuit nuair a chonnaic sé an greim gráonna bhí aisti ... chonnaic sé Tomás Maol ag teacht agus píosa mór de rón ar a dhrom ... (Ó Criomhthain 1929: 86–90)

Ar an láimh eile, aithnítear ar fhoclóir an leaganin Bhéarla gur réim saoil eile ar fad a scáthánaítear ann, sa tstí is go gcailltear bhrí mheafarach na Gaeilge, is é sin, gur eiseamláir atá san eachtra ina iomláine ar ghaisce maireachtála na n-oileánach faoi thoscaí anróiteacha an tsaoil sin acu. Is furiost a aithint ón gcomparáid idir an dá cholún thíos gur mó ná cúrsaí teanga amháin atá i gceist: gur fáisceadh an dá leagan as dhá chultúr dhifriúla: leagan na Gaeilge as an gcultúr béis; leagan an Bhéarla ag freagairt do chaighdeán liteartha aduain:

I set my face to the shore	thugas aghaidh chun na trá
I heard a hideous snore behind me, a queer sort of snoring that frightened me out of my wits.	chualla an tsrann ghránna ag mo chúl, srann diamhair a thóg ó thalamh na hÉireann mé.
A poor sort of chap	gurbh olc an fear mē
A huge great mottled seal	rón mór groí breac
Handle	sámhthach
To fetch her a blow	chun stráiméad a thabhairt di
As though she had scented me	faoi mar gheobhadh sí mo bholadh
A loud, wild snort	srann láidir fhiain
Haft	sámhthach
Whack	buille
A stalk of the weed	feam trá
A lump of rock from the shore	bollán trá
She had a shot at taking a bite out of me	thug fogha ar ghreim a bhaint asam
It was like to be my last day	ba dhóbair go mbeadh deire mo shaoil
It was the middle of the morning	Agus eadartha bó an uair sin ann
He staggered and nearly fell when he saw the great bite out of the leg	Ní mór ná gur thuit sé nuair a chonnaic sé an greim gránna a bhí aisti
The great hole in my leg	An cannta a bhí amach as mo chois
Since the boy who had killed it hadn't got off with a whole leg	toisc nár thug an té a mhairbh é na cosa slán leis

He was beside himself	Ní raibh sé istigh leis féin
There's not a pin's worth wrong with the leg	ní fiú biorán a bhfuil ar an gcois sin
There was a heavy swell running	bhí tarrac móir ann
For getting sheep out of bad places	chun caoirigh a thabhairt as draipeanna
She'd have to get back as she had come	raghadh sí soir faoi mar tháinig sí anoir
Diarmaid fetched Slea Head on the first tack and the Blasket landing-place on the second	thóg Diarmaid Ceann Sléibhe den chéad bhórd léi agus a chaladh féin den dara bórd

Ní sa leagan Béarla amháin a chímíd na hiarrachtaí seo le cuibhreach srianta liteartha a bhualadh ar an ndioscúrsa béis. Sa chéad eagrán féin, deir an Seabac linn go ndearna sé iarracht athrá agus mímhodhúlacht a sheachaint; athrá, leadrán agus neamhoiriúnacht i gcás eagráin Uí Mhaolíoeoin; is é sin, gur athraíodar an réim reacaireachta lena cur in oiriúint d'aeistéitíc áirithe liteartha. Dá thoradh san teipeann orthu araon meon agus aigne an tsaothair a thabhairt leo, faoi mar a theipeann ar aistriúchán Flower ar chuínsí eile. Níorbh as an gcoinbhinsiún liteartha a fáisceadh Tomás Ó Criomhthain ach as cultúr an bhéaloidis agus is iad saineilimintí na litriochta béis, idir ábhar agus fhóirm, na máithreacha ar a dtógann sé a scéal. Fágann sin go bhfuil sé lán de phátrún bhuntúsacha chuimhneolaíochta mar: foirmlí reitriciúla, móitifeanna agus deilíní traidisiúnta; áibhéil, athrá agus scéalta thairis. As an saol a fáisceadh an dioscúrsa seo agus is ann a scáthánaítear an saol ar de é. Is léir bunmhianach seo an tsaothair in úsáid na seansfhocal trí síos ann, gné nach n-eíríonn leis an aistriúchán a thabhairt leis ach go hannahm. Is sna seansfhocail 'atá fíorspiorad ár dteanga', dar leis an Seabac agus deir fós:

Is iontu atá blas agus bláth agus slachtmhairéacht na Gaeilge faoi mar a d'fhás is a gluais sí le fás agus le gluaiseacht ár gcine, ag fónamh dóibh agus ag cumhdach inti féin na nithe a cruthaíodh in aigne na nGael. Is deimhin gur iontu leis atá an stileadh is firinní d'fhealsúnacht agus de mheon na sinsear Gael ó dtángamar agus má tá an ní sin a-nabartha 'aigne Ghaelach' ann is dóigh gur sna seansfhocail seo is soiléire atá sin. (Ó Siocfhradha 1984: vii)

Pé ní é i dtaoabh fhírinne an ráitis sin ina iomláine, ní séanta ná go ngéilleann an Criomhthanach do lé na mBlascaodach le friotal cuanna connail an tseansfhocail:

Scáthán is ea iad ina bhfeicimid an t-aoibhneas, an brón, an dóchas agus an t-eagla, an obair agus an caitheamh aimsire, an bheatha agus an bás – saol uile an Bhlascaoid, saoithíulacht shuntasach phobail. (Almqvist 1989: 99)

Níl dabht ná gurbh é an seansfhocal an bhunchloch do leagan amach Thomáis ar eachtraí a shaoil:

Seadh, tar éis an annróidh domh-sa, do bhíos d'iarraidh mé féin a chroíthadh suas. Do buaileadh im' aigne ná raibh aon leigheas ar na bearta san ach an méid foidhne do caithfi leo; agus do bhíos d'iarraidh tamall eile de'n tsaoighal a bhaint amach – bliain mhaith ag teacht agus dhá bhliain ná bíodh ar fónamh. (Ó Criomhthain 1929: 215–6)

Well, after all this anguish, I was trying to pull myself together. It was imprinted on my mind that there was no cure for these things but to meet them with endurance as best I could, and I kept trying to get through a while more of life – one year good and two that turned out ill. (Ó Criomhthain 1934: 261–2)

Is é an seansfhocal an drol ar a gcrochann Tomás a scéal go minic agus is iad sin a shíolraigh as taithí na hiascaireachta is túisce chuige:

Ní fhanann tráigh le headartha (l. 22)  
*The tide doesn't stay for high noon* (l. 19)

Braith an abha sara dtéighir 'na cuilithe (l. 192)  
*Try the river before you venture into the current* (l. 232)

Mairbh a'n t-iasc an uair a gheobhair é (l. 202)  
*Take the fish while you can get him* (l. 245)

Sean-fhocal iseadh é 'nach gnáthach iasc age liairní díomhaoine'. (l. 240)  
*It's an old saying: 'The lazy lounger doesn't catch fish.'* (l. 292)

Easnamh mór ar na leaganacha Béarla ansan gan fórsa an traidisiúin a bheith ina chuid bheo den insint ag cur le ciall is le cuannacht na hinsinte.

Ná ní hé an seansfhocal lom go minic againn ach é casta, fite in oiriúint don eachtra nó don ócáid:

Is ar mhaithe léi féin a bhíodh sí ag crónán, ar nós an chait (l. 13)  
*She was purring like a cat, to gain her own ends* (l. 9)

Ach cá bhfuil an saoi gan a locht féin? (l. 189)  
*But where will you find a wise man without his weak side?* (l. 228)

Maíonn Flower féin sa nóta leithscéil a chuir sé lena aistriúchán gur 'plain, straightforward style, aiming at the language of ordinary men' a rogha ach is léir ó na sampláí iomadúila thusa gur mór idir an Béarla maide, sibhialta agus an Ghaeilge shimplí, bheo. Tagraíonn sé chomh maith don 'charm of the Irish idiom, which is so delightful in the original', a chailltear san aistriúchán. Ach ní cluain rómánsaill atá i gceist anseo ach saibhreas a faisceadh as taithí na nglúnta i ngleic leis an saol agus a dhéanamh ionchollú aiceanta ar an dtaití saoil sin.

A mhalaírt ar fad de chur chuige a tharraingíonn Moya Llewelyn Davies agus

George Thomson chucu féin san aistriúchán acu ar *Fiche Blain ag Fás*:

A few words may be added about the translation. The English language, as commonly spoken in Ireland, differs considerably from standard English, and these differences are mainly due to memories, conscious or unconscious, of Irish speech. The new language has been twisted to fit the moulds of thought and idiom peculiar to the old. Hence we have freely used the Irish dialect of English as being the nearest to our original, and in this respect we are following the example of Synge, who of all writers in English had the deepest understanding of the Irish-speaking peasantry. But rich and highly coloured as this English is, its range is less than that of Irish, and since its literature is mainly in prose and entirely modern, it lacks the stamp of an ancient poetical tradition which is a marked feature of Irish. The range of vocabulary in the translation is less than that of the original, and there is not a word or phrase in the original, which is not current in ordinary conversation. (Ó Súilleabhaín 1992: x)

Ar a shon go léirítear tuiscint mhaith ar dhúshlán an aistriúcháin sa réamhrá seo, n'fheadar ná gur laige d'iarracht é ar an iomlán ná iarracht Flower. Tharlódh gurb é bunmhianach *Fiche Blain ag Fás* féin fé ndeara san, óir is deacair drafocht i gcliondar is iontas na hóige i láthair na nuaíochta a fhaightear faoi chló teanga amháin a ateilgean i dteanga eile. Tríd sfos tugann simplíocht agus nádúrthacht na hinsinte Gaeilge an aigne linbh leis, rud nach féidir le hartifiseáltacht aduan an Bhéarla a dhéanamh. Ar éigin más gá dul thar an sampla seo ó thús na faisnéise le seo a chur isteach:

Nuar a bhíomair thíos ar an gcé, d'fhéachas suas ar aoirde na faille, lutharnach ag fás annso is annsúd, fothram uafásach á bhaint amach ag na tonnta a bhí ag briseadh fé na bun, agus is gearr go bhfeaca éan mó r dubh anáirde i lár na haille agus nead déanta aice ann. – Ó, a thiarcais, arsa mise im aigne féin, conas a chimeádann tú do mheabhair annsan thuas in ao' chor? (Ó Suilleabhaín 1933: 32)

When we got down to the quay, I looked up at the height of the cliff above me, yellow vetchling growing here and there, a terrible roar from the waves breaking below. I saw a big black bird up in the middle of the cliff where it had made its nest. Oh Lord, said I to myself, how do you keep your senses up there at all! (Ó Suilleabhaín 1992: 22)

Gné bhunúsach de bhraistint seo na hóige is ea an cur síos coincreíteach, onamataipéach a fhaighimid tríd síos sa leagan Gaeilge agus atá geall le bheith do-astrithe:

... bhí an traona agam le cloisint – Draoch, draoch, draoch! aice. (l. 35)  
*the corncrake crying 'Droach, droach, droach ...'* (l. 24)

... glug-glag ag an uisce isteach ar thaobh na naomhóige... (l. 102)  
*the glug-glag of the water against the boat ...* (l. 80)

Gíog-gíog-gíog ag pilibíní-mfog ... (l. 111)

*Gíog-gíog-gíog from peewits in the glen ... (l. 89)*

Gurla-gú-thú-thú-golagón! Gurla-gú-thú-thú-golagón! ... (l. 167)

*Gurla-gu-hu-hu-golagón! gurla-gu-hu-hu-golagón! (l. 122)*

... fuaim tríd an raithnígh ar nós caim-fheochaín ghaoithe ag na coiníní a bhí ag rith tríthe agus na madraí ina ndiaidh; fo-scread ón gcorr-iasc anois is arís le breáthacht na hoidhche, an guardal agus a cantaireacht féin aice, cóch-cóch-cóch ag an gcaobach trasna an oileáin ó-thuaidh, meige-geig-geig ag na gabhair i measc na gcloch, beá-beá ag caora i bhfad i gcéin, agus gan dearmhad ag an rón ar a olagón féin i gcuas éigin fém bhun. (Ó Suilleabhall 1933: 176)

... a rush like a whirlwind sweeping through the fern from the rabbits running through it with the dogs after them; and odd cry from the heron with the beauty of the night; the petrel with her own song; cóch-cóch-cóch! from the black-backed gull across the island to the north; meggy-geg-gegl from the goats among the rocks; baa-baa! from a sheep in the distance; and the seal not forgetting his own olagón in the gullies far below. (Ó Suilleabhall 1992: 129)

Chuala arís é, ar nós grean a chaithfí isteach sa bhfarraige. D'fhéachas fém bhun síos agus is eadh chonnac paiste móir éisc ag reáthuóicht agus cleataráil cheart acu á bhaint amach as an uisce. (Ó Suilleabhall 1933: 287)

I heard it again, like shingle being thrown into the sea. I looked down over the edge of the cliff and saw a shoal of mackerel breaking water with a great noise below. (Ó Suilleabhall 1992: 220)

Ar an iomlán, b'fhéidir a rá go múscláonn *Fiche Bláin ag Fás* cumha i ndiaidh na hóige ionainn, ceann de bhunmhothúcháin na beatha, murab ionann agus *Twenty Years A-Growing*, a bhfuil blas trom na rómánsafochta air.

Maidir le *Peig*, an tríú dírbheathaisnéis iomráiteach Bhlascaodach a cuireadh faoi chló an Bhéarla, is cuid suntais é nach bhfuil ach nota beag gairid againn ón aistritheoir, Bryan MacMahon, faoin gcur chuige aige sin agus nach ar aclú na teanga ach ar aclú na samhlaíochta a tharraingíonn sé aird:

So as to convey the tone and spirit of the original of this simple but moving autobiography I have tried in this translation to imagine how Peig Sayers would have told her story, had she been born on a small holding on the same Dingle Peninsula, but say, twenty-five miles to the east of Dunquin, where she and her people, though English-speaking, would have been only one-generation removed from Irish as a vernacular. (MacMahon 1974: 7)

Is léir ón sliocht samplach seo a leanas a fheabhas is a d'éirigh leis an aistritheoir sa chur chuige sin aige:

Tháinig lá an aonaigh is do theastaigh dó nő trí 'mhuca ó shear an tí le marú, chun na muiceola do dhíol le custaiméirí i gcomhair na Nollag.

Cheannaigh sé cheithre cinn. An lá a bhíothas á marú do bhí sceimhle orm, mar ní fheacasa ainmhí dá mharú riabh roimis sin. Séamas Ramhar ainm an fir a bhí chun iad a mharú. Do bhí an riach le míniáirí air sin, is go mórmhór nuair a bhíodh braon ólta aige. Bhí braon ólta aige an lá san is níor mhaith leat é a fhéachaint le feirg ort. Fear ramhar buí meánaosta ab ea é. Do bhí bord sa chúlgharraí go gcuirfi an mhuc in airde air. Cheangail fear an tí agus Séamas an mhuc agus bhuailleadar in airde ar an mbord í. Ghlaogh Neil orm féin.

‘Tóg leat siar an mhias, a Mháiréad, agus cuir fén bhfuil í.’

Rugas ar an méis agus chuas go dtí an mbord.

‘Cóinnigh cruinnanois íl’ arsa Séamas.

Ara, a dhuine, bhíos ar na baillechrith. Nuair a sháigh sé an scian i scórnoch na muice do dhein sí scread mhillte a bhain macalla as an áit! Ach má dhein, do dheineas-sa scread chomh mór léi agus do thit an mhias ar an dtalamh uaim.

‘Cóinnigh an mhias i gceart, a liobóg dial, nó déanfaidh mé galar na muice leat!’ arsa Séamas Ramhar.

Deirimse leat, a léitheoir, go raibh scanradh mo dhóthain orm roimena dhá shúil bhuile agus an scain fhada, is gur dheineas mo dhícheall ar an méis a choimeád i gceart. Ach san am go raibh an ceann deireanach de na muca marbh bhí an t-eagla go léir i leataoibh. (Ní Mhainnín & Ó Murchú 1998: 54–5)

Fair Day came and the man of the house was in need of two or three pigs for killing so as to sell the pork to the customers for Christmas. He bought four pigs; the day they were being killed I was in a right panic for I had never before seen an animal being slaughtered. Fat Séamas was the name of the pig-sticker and he was a real bitter boyo especially when he had a drop taken. He had a drop taken that day and you wouldn't relish it if he looked at you with fury in his eyes. He was a stout, sallow, middle-aged man.

There was a table in the back garden on top of which the pig was to be placed. The man of the house and Séamas tied up the pig and landed her on top of the table. Nell called myself.

‘Bring the basin with you, Margaret,’ she said, ‘and hold it under the blood.’

I caught the basin and went to the table.

‘Hold it properly now!’ Séamas said.

*Erra*, man dear, I had the tremor in all my limbs. When he stuck the knife into the pig's throat she let this unmerciful screech out of her that knocked echoes out of the place! But if she did, I let go a screech every bit as loud and the basin dropped out of my two hands and fell to the ground.

‘Hold the vessel right you thunderin’ *straip* or I'll give you what I'm givin’ the pig!’ said Fat Séamas.

Reader dear, I assure you that he put the heart cross-ways in me with his two wild eyes and his long knife and I did my level best to hold the basin properly. But by the time the last of the pigs was dead, all my fears had vanished. (MacMahon 1974: 69–70)

Tá gearradh agus beocht ansin, comhréir agus canúint, atá dílis don bhuninsint agus don aigne agus don saol as ar fáisceadh é, faoi mar a fhaighimid i ngearrscéalta Uí Phailthearta nó sa dán ‘The Early Purges’ de chuid Seamus Heaney. Míthuiscent ar an aigne san, ní foláir, is cús leis an eachtra seo a bheith ar lár ón eagráin scoile.

Riamh anall ba nós le scríbhneoirí na Gaeilge a gcuid féin a dhéanamh de chúram an aistriúcháin. Is geall le bunsaothair iontu féin iad *Merugud Uilix* agus *Imeachta Aeniusa* ón tseanré; *Desiderius* agus *Parliament na mBan* sa 17ú haois; agus cuid de na clasaicigh faoi scéim aistriúcháin An Gúm ó 1927 i leith. I mblianta rathúla an Chonartha bhí briatharchath in *An Claidheamh Solais* faoi chúrsaí aistriúcháin agus is díol spéise argóintí P. Ó G. in aghaidh scoil na cúngaigeantachta, ‘An Dubhán Alla’ ina measc:

Is léir nach dtuigeannta ‘An Dubhán Alla’ cad is aistriú ann. Dá ndéanfadh ní bheadh sé ag trácht ar Fhraincis nó Gearmáinis mar ábhar aistrithe. Tífeadh sé gur éigin eolas ó dhúchas ar an teanga atátar ag aistriú chomh maith leis an nGaeilge. Tá an méid seo riachtanach, gan an dúchas ní fiú faic an saothar. Rud eile, ní haon bhac ar dhuine an Ghaeilge is fearr mar aon leis an mBéarla is fearr a bheith mar a chéile aige, ach ní mór an saothar céanna leis an Ghaeilge a scríobh a gheibh an Béarlóir leis an mBéarla a scríobh. Cuir i gcás go bhfuiltear ag cur Gaeilge ar an mBéarla seo:

*If it were done when 'tis done then 'twere well it were done quickly.*

Ní hé an Ghaeilge air a rá:

Dá mbeadh sé déanta nuair tá sé déanta, ba mhaith déanta in am é.

‘Sé a mheasaimse b’fhearr mar Ghaeilge air:

Mara mbeadh den ghríomh ach an griomh a dhéanadh, ba mhaith déanta an gríomh.

Nó arís:

*He would not play false yet would wrongly win.*

Níor mhaith liom mar Ghaeilge:

Ní imreodh sé go fealltach, ach bhainfeadh sé go héagórách.

B’fhearr aistriú mar seo:

Ní chuirfeadh sé an cluiche le caime, ach bhainfeadh sé an geall gan geillsteán.

Dar liomsa go bhfuil Séicspír an-fhoirstinneach mar ábhar aistrithe.

Tá sé mar údar dea-chainteach, deisbhéalach glic ina chuid cainte agus is beag a bhaineas le cursa an duine nach ndearna sé tagairt dó. (P. Ó G. 1917)

Leagtar méar go paiteanta anseo ar an dá bhunriachtanas i gcúrsaí aistriúcháin: máistreacht sa dá theanga atá idir láimha; agus acmhainn samhlaíochta d’fhorntaí i dteanga eile a chur ar sheointimeint na bunteanga. Chuige seo a bhí na hintleachtóirí móra Heidegger agus T.S. Eliot nuair a dúradar:

Die Sprache ist das Haus des Seins (Sí an teanga teach na beithe) (Heidegger 1967: 145)

For to understand the culture is to understand the people, and this means an imaginative understanding. (Eliot 1948: 41)

Sa réamhnóta a chuir sé leis an aistriúchán ar *Fiche Bliaan ag Fás* tagraíonn an t-úrscálaí clúiteach E.M. Forster don ghliondar a chuireann sé ar léitheoirí an Bhéarla mar leanas: 'Here is the egg of a sea-bird – lovely, perfect, and laid this very morning' (Ó Suilleabhaín 1992: vi). Tharlódh gur ag cuimhneamh ar an gcur síos seo a leanas ón aistriúchán atá sé:

'Wait till you see the eggs I have,' said Tomás, opening his jersey.

They were a lovely sight, covered with black and red spots ...

(Ó Suilleabhaín 1992: 42)

Ach dá spiagaí iad, gliogair is ea an uile cheann acu, focal nach bhfuil san aistriúchán, ach focal atá beo beathaiteach fós i mbéarlagar na Mumhan ag tagairt do rud gan mhaith. In ainneoin an mholtá ar fad a tugadh do *The Islandman* agus *Twenty Years A-Growing* is eagal liom gur mó de ghiogar ná de bheatha atá faoi bhlaosc na teanga iontu araon, murab ionann agus aistriúchán Bryan MacMahon ar *Peig*, atá lán de ghus is de ghearradh na Gaeilge.

### Liosta Saothar a Ceadaíodh

- Almqvist, B. 1989. "Na Seanfhocail". In A. Ó Muircheartaigh eag. *Oidhreacht an Bhlascaoid*. Baile Átha Cliath: Coiscéim. 80–99.
- Eliot, T.S. 1948. *Notes towards the Definition of Culture*. London: Faber & Faber.
- Heidegger, M. 1967. *Wegmarken*. Frankfurt: Vittorio Klostermann.
- MacMahon, B. trans. 1974. *Peig: The Autobiography of Peig Sayers of the Great Blasket Island*. Dublin: Talbot Press.
- Ní Mhaínnín, M. & Ó Murchú, L.P. eag. 1998. *Peig a scéal féin*. An Daingean: An Sagart.
- Ó Criomhthain, T. 1929. *An t-Oileánach: scéal a bheathadh féin do scríobh Tomás Ó Criomhthain; An Seabhad do chuir i n-eagar*. Baile Átha Cliath: Muinnitir C.S. Ó Fallamhain i gcomhar le hOifig an tSoláthair.
- Ó Criomhthain, T. 1934. *The Islandman by Tomás Ó Crohan; translated from the Irish, with an introduction by Robin Flower*. Dublin, Cork: Talbot Press.
- Ó G., P. 1917. *An Claidheamh Soluis*, Nodlaig 15.
- Ó Nolan, K. ed. 1968. *The Best of Myles: A Selection from "Cruiskeen Lawn" Myles Na Gopaleen (Flann O'Brien)*. London: MacGibbon & Kee.
- Ó Siadhail, P. 1984. *Sean-fhocail na Mumhan*. Baile Átha Cliath: An Gúm. An chéad chló 1926.
- Ó Suilleabhaín, M. 1933. *Fiche Bliain Ag Fás*. Baile Átha Cliath: Clólucht an Talbóidigh.
- Ó Suilleabhaín, M. 1992. *Twenty Years A-Growing by Maurice O'Sullivan; rendered from the original Irish with a preface by Moya Llewelyn Davies and George Thomson; with an introductory note by E.M. Forster*. Oxford: Oxford University Press.
- Strachen, J. ed. 1908. *Stories from the Táin*. Dublin/London: School of Irish Learning/Davitt Nutt.